# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 www.scoilnaomhciaran.com
Eanáir 2020

A Chairde,
Tá súil agam go raibh briseadh álainn agaibh thar na Nollag, agus gur bhain sibh taitneamh as an bhféile agus ceiliúradh an bhliain nua! Guímid athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad.

**Go raibh maith agaibh! ☺**

Ba mhaith le foireann na scoile ár míle buíochas a ghlachadh le Coiste na dTuistí agus na tuismitheoirí ar fad a thug cúnamh dúinn agus muid ag teannadh leis an Nollag. Chuir na páistí seó iontach ar siúl agus bhí siad le moladh go hard na spéire de bharr an obair ar fad a rinne siad. Ní bheadh na drámaí iontacha a bhí againn murach an treoir agus an cúnamh a thug Pádraic Ó Flátharta dúinn, an obair agus an am a chuir an M.Bríd agus Kim isteach ann. Mar aon leis na h-ardranganna chuir na bunranganna seó den scoth ar stáitse agus is de bharr an obair ar fad a chuir Ann isteach in san dráma a scríobh agus a léiriú le cabhair ó Phádraic.

**Scoil Dúnta**

Beidh an scoil ag dúnadh leath lae ar an Aoine, 24ú Eanair de bharr cruinniú foirne. Beidh an scoil ag dúnadh ag 11.20rn.

**Ciorcal léitheoireachta**

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghlacadh le Cassie Ní Chathasaigh a bhunaigh an Ciorcal léitheoireachta. Chuir sí an-obair isteach ann agus spreag sí na páistí leis na bronntanais beag áile a bhí aici dóibh gach seachtain, agus mhuscail sí a ngrá don léitheoireacht. Ar ndóigh bhí lámh cúnta ag Cassie uaidh Deirdre, Treasa, Karen, Maryann, go raibh míle maith agaibh a mhná, nár laga Dia bhur gcuid oibre!

**An Lotto**

Go raibh míle maith agaibh as ucht an tacaíocht a thug sibh don bonus ball, tá muid chomh buíoch as bhur dtacaíocht. Má tá suim agaibh leanacht leis an téarma seo, cuir ar an eolas muid agus cuirfidh muid ar siúl arís é.

**Ranganna Snámha (03/02/2020-24/02/2020)**

Beidh muid ag bualadh faoi na ranganna snámha an mhí seo chugainn. Beidh muid ag freastal ar na ranganna seo sa Kingfisher Club i nGaillimh. Beidh an bus ag fágáil na scoile ag 9.30rn, **tá sé rí-thábhachtach go mbeidh gach duine anseo in am!** Ba chóir go mbeadh muid ar ais ar scoil go gairid roimh 13.00in, agus beidh ceachtanna ar siúl ag na múinteoirí ag an am sin, dá bhrí sin ba chóir do gach páiste a bheith ag dul ar ais go Cill Chiaráin ar an mbus linn. Ba chóir do na gasúir bríste reatha na scoile a chaitheamh ar laethanta snámha. Meabhrú do phobal na scoile, gur ranganna aclaíochta iad ranganna snámha, mar chuid de churaclam an Chorp Oideachais. Tá sé mar aidhm againn sa scoil seo dea-shampla a thaispeáint do ghasúir agus iad i mbun ranganna aclaíochta. Tuigeann muid go bhfuil turas fada i gceist ó Cill Chiaráin go dtí an Kingfisher agus mar sin, ba mhaith linn meabhrú do phobal na scoile **nach bhfuil gá do thuistí bheith i láthair ag na ranganna snámha** le gasúir atá ós cionn 7 mbliana d'aois. Iarraimís ar thuistí/chaomhnóirí na mbunranganna a bheith i láthair, ach na tréithe neamhspleáchais seo a mheabhrú do na gasúir.

**National Christmas Jumper Day**

Ghlac muid páirt sa National Christmas Jumper Day ar mhaithe le Ospidéal na bpáistí i gCrumlin. Is carthanacht spéisialta é seo agus ba mhór linn a rá go dtug muid tacaíocht dóibh an Nollaig seo caite, mar faraor is iomaí clann a bhíonn ar braith ar na seirbhísí seo gach bliain. Bhailigh muid €150!

**An Fríd Urlacain Geimhreadh (Winter vomiting bug/Novorious)**

Faraor bhí go leor daoine tinn thar aimsir na Nollag agus isteach sa mbliain nua, bhí an fríd urlacain ag déanamh a bhealach thimpeall agus d'fhéadfadh sé a bhealach a dhéanamh isteach sa scoil go héasca. Ní mhór meabhrú dos na páistí a gcuid lámha a níochán roimh agus tar éis a bheith ag ithe agus nuair a úsáideann siad an leithreas. Má theastaíonn tuilleadh eolas uaibh maidir leis seo is féidir dhul ar an suíomh http://www.hse.ie/eng/health/az/N/Norovirus. **Más rud é go raibh múisc nó buinneach ar do pháiste tá sé rí-thábhachtach nach mbeadh siad ag teacht ar scoil ar feadh 48 uair an chloig tar éis dóibh a bheith tinn don uair dheireanach, agus biseach iomlán orthu arís.** Tá an scéal céanna maidir leis an slaghdán má tá sé ar do pháiste coinnigh sa mbaile iad nó go mbeidh siad níos fearr.

**I gcás tinneas/asláithreacht**

Iarrtar ar thuimitheoirí na múinteoirí ranga a chuir ar an eolas i bhfoirm scríbhín má bhíonn a gcuid gasúir tinn nó as láthair. Tá cóip de na billeoga seo ar chúl gach dialann obair bhaile. Tá sé riachtanach go dtabharfaidh an t-eolas seo dúinn de bharr rialachais TUSLA. Go raibh maith agaibh as ucht bhur gcomhoibriú.

**Seachtain na Scoileanna Caitliceacha-26 Eanáir-2 Feabhra 2020**

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á chéiliúradh ón 26ú Eanáir-2ú Feabhra ar fud na tíre, is é an téama atá a chéiliúradh i mbliana ná *Ag Máireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia.* Beidh téamaí éagsúl á phlé gach lá; Ag maireachtáil go sítheach le Dia, maireachtáil go sítheach leis na comharsana, maireachtáil go sítheach leis an uile ghlúin, máireachtáil go sítheach leis an domhan timpeall orainn, agus ag maireachtáil go sítheach sa scoil. Ar an 29ú Eanáir beidh lá na Seantuismitheoirí againn. Tabharfaidh muid cuireadh dhóibh a theacht ar chuairt againn idir 11.40 agus 12.50. Beidh siad in ann suí in éindí linn agus labhairt linn faoin saol a bhí acu agus iad ag freastal ar scoil, cén sórt cluichí a d'imir siad? An raibh gá dóibh obair sa bhaile? Agus má tá aon phictiúr acu ón am sin ba bhreá linn iad a fheicéail!

**Airgead ag teacht isteach ar scoil:**

Más é bhur dtoill é déan cinnte, má bhíonn airgead ag teacht isteach ar scoil go mbíonn sé i gcludach litreach agus go bhfuil ainm agus cén t-ábhar ar dhó an t-airgead scríofa ar an gcludach, déanfaidh sé seo rudaí níos éasca san oifig nuair a bhíonn muid ag cuir airgead i dtaisce.

Le gach deá-ghuí,

Nóra Ní Chadhain

Nóra Ní Chadhain, Príomhoide Gníomhach